# Caibidil a Sé
# Lascainiú Nach mBíonn ar an Sonrasc agus an Cosc ar Dhíolachán faoin nGlan-Phraghas ar an Sonrasc

## 6.1 Réamhrá

Luann BWG Foods Limited[1] é seo a leanas ina n-aighneacht chuig an bPróiseas Comhairliúcháin:

> *"As the Consumer Strategy Group also points out, OID's (off-invoice discounts) have for many years been an integral feature of the grocery trade yet only now are they being identified as an area of serious concern."*

Is ráiteas mícheart é an ráiteas sin.

Tá lascainí nach mbíonn ar an sonrasc ina n-ábhar imní i gcomhthéacs an choisc ar dhíolachán faoi chostas le ar a laghad 33 bliain anuas.

I 1972, dúirt an Coimisiún Cóir-Thrádála, agus iad ag roghnú gan cosc ar dhíolachán faoi chostas a mholadh, mar seo a leanas:

> *"…the inclusion of rebates based on future performance would be difficult…To exclude rebates would mean that the figure for a particular outlet earning a rebate would not be a true net purchase price…"*[2]

Ba thagairt dhíreach don deacracht a bhain le lascainí siarghabhálacha a ghlacadh san áireamh a bhí anseo.

Mhíneamar i gCaibidil a Dó conas a tugadh an téarma glan-phraghas ar an sonrasc isteach sa dara Ordú um Earraí Grósaera i 1978 in ainneoin sin agus conas a bhí imeachtaí cúirte mar thoradh air sin bliain ina dhiaidh sin a shocraigh nár chóir lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a mheas mar chuid de phraghas an tsonraisc. Ba cheist a bhí anseo i dTuarascáil 1980 an Choimisiúin um Chleachtais Srianta agus bhí sé ag déanamh imní arís don Choimisiún i 1987 agus i 1991.

---

[1] Is cuid de Ghrúpa BWG é BWG Foods Limited (BWGFL), comhlacht mórdhíola fadbhunaithe. Is leo an branda siombaile SPAR do Phoblacht na hÉireann agus an branda siombaile Mace i gcás Chúige Laighean agus Mumhan.

[2] Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Alt 218, Lth.91

## 6.2 Conas a Oibríonn Lascainí Nach mBíonn ar an Sonrasc

Éilíonn an tOrdú um Earraí Grósaera ar sholáthróir a chuid téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a fhoilsiú agus soláthar a thabhairt do thrádálaí faoi na téarmaí sin. Ba é an aidhm a bhí leis an gceanglas sin a chur san áireamh san Ordú ná idirdhealú sa trádáil a sheachaint. Bheadh liosta praghsanna agus téarmaí creidmheasa an tsoláthróra le fáil de ghnáth sna téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha i gcás aicmí difriúla custaiméirí. D'fhéadfadh lascainí agus lacáistí a bhíonn ar fáil mar léiriú ar líon nó ar luach na n-earraí a ceannaíodh chomh maith le heacnamaíochtaí agus éifeachtúlachtaí ó thaobh an chórais táirgthe nó an chórais imdháilte a bheith sonraithe iontu chomh maith.

Mar sin féin, tugann an tOrdú um Earraí Grósaera deis do sholáthróir córas téarmaí forlíontacha a chur i bhfeidhm. Ní gá go mbeidís sin foilsithe, ní gá ach amháin léiriú ginearálta a thabhairt dá nádúr agus dá fairsingeacht.

D'fhéadfadh lacáiste nó lascaine a bheith freisin le fáil i dtéarmaí forlíontacha den sórt sin mar thaispeáint ar líon na n-earraí a cheannaítear, an cur chun cinn a dhéanann an miondíoltóir ar tháirgí áirithe nó *"any other arrangement relating to price"*[3] nach dtugtar le fios sna téarmaí caighdeánacha.

Is iad na lacáistí nó lascainí sin a íoctar i riaráistí, de bhrí gur chuid de théarmaí forlíontacha an tsoláthróra iad, agus ní chuirtear san áireamh iad ar an sonrasc nuair a sheachadaítear na hearraí chuig áitreabh an mhiondíoltóra.

I gCaibidil a Ceathair, léiríomar an tuiscint a bhí againn ar an mbealach a bpléitear agus a n-íoctar na lascainí sin. Le linn na bliana b'fhéidir go gceannódh miondíoltóir rud ar bith idir líne táirge amháin nó líon mór táirgí ó sholáthróir aonair. Pléitear na lascainí forlíontacha ag cruinniú athbhreithnithe idir an miondíoltóir agus a sholáthróir ag deireadh tréimhse trádála. Íoctar an lascaine lena n-aontaítear mar chnapshuim amháin. Go hiondúil, ní bhíonn sé sainiúil ó thaobh táirge amháin.

## 6.3 Chomh Fairsing agus atá Lascainí Nach mBíonn ar an Sonrasc

Dúirt an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí:

> *"In some cases the discounts can benefit the largest retailers an average of 18 per cent, with corresponding reductions as the buying power of the retailer decreases".*

---

[3] Airteagal 2(1) (c) den Ordú um Earraí Grósaera 1987. Liostáil Tuarascáil 1981 an CCT go mbíonn comhaontuithe fadthéarmacha mar chuid den chineál téarmaí forlíontacha bídís ag baint le spriocanna cainníochtaithe a shroichint nó ná bíodh, lascainí cur chun cinn, lascainí lena chinntiú go liostáiltear táirgí nua, liúntais chun go mbaileoidh an custaiméir na hearraí, agus liúntais chun úsáid a bhaint as íocaíocht dochar díreach nó íocaíocht in am.

Ní sholáthraíonn an CSG aon fhianaise i gcás an fhigiúir sin.

Is léir don Roinn mar thoradh ar aighneachtaí a fuarthas, lena n-áirítear na tuairimí a léirigh BWG Foods Limited atá le feiceáil thuas, gur gnéith den trádáil grósaera iad lascainí nach mbíonn ar an sonrasc. Ní chuireann aon pháirtí in aghaidh sin.

Mar sin féin, is beag eolais atá tugtha dúinn i ndáil le chomh fairsing, nó an líon lascainí ar an meán, a íocann soláthróirí lena gcustaiméirí miondíola. Mar shampla, tá líon mór aighneachtaí faighte againn ó mhiondíoltóirí aonair[4] a thacaíonn leis an Ordú um Earraí Grósaera a choinneáil. Ní dhéanann formhór na n-aighneachtaí sin tagairt ar bith do lascainí nach mbíonn ar an sonrasc. Breithnímid go bhfuil sé sin aisteach de bhrí go raibh lascainí nach mbíonn ar an sonrasc mar chuid mór den chás a rinne an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí chun an tOrdú a aisghairm.

Dúirt BWG Foods *"Discount income received from suppliers forms an integral part of the wholesaler's gross margin and is therefore a key component in deriving net wholesale margin."*

Lean siad orthu: *"Were wholesalers to reduce their prices by some or all of the element of OID's, they would ultimately be selling product at a net loss."*

I bhfianaise na tuairime sin, is fiú béim a chur air nach faoi ioncam lascainí a shaothraíonn mórdhíoltóirí an díospóireacht seo ach an leibhéal lascainí a íocann soláthróirí agus mórdhíoltóirí lena gcustaiméirí miondíola.

Tugann BWG aitheantas de go bhfuil lascainí nach mbíonn ar an sonrasc i bhfeidhm ag an leibhéal miondíola sna téarmaí seo a leanas:

> *"The trading arrangements between BWGFL and our independent retail customers involves the payment by BWGFL of retrospective rebates to our retailer customers based on volume purchases and other performance indicators. These rebates include percentage rebates applied to all volumes of products purchased from BWGFL and specific percentage rebates applied to specific categories or specific manufacturers. In excess of 40% of BWG's OID income is passed on to its retail customers as year end rebates."*

ALT BAINTE AMACH MAR GHEALL AR EOLAS ATÁ ÍOGAIREACH Ó THAOBH CÚRSAÍ TRÁCHTÁLA A BHEITH CURTHA ISTEACH

[4] Is ó oibreoirí siombaile nó saincheadúnais na haighneachtaí seo beagnach ar fad.

Luann ADM Londis[5] ag tagairt do mheastachán lascainí de suas go dtí 18% an CSG *"This is certainly not the case in Londis where our discounts are not even close to double digit."* Tá soiléiriú déanta againn freisin le ADM Londis gur tagairt é sin do lascainí a d'íoc soláthróirí lena n-oibríocht mhórdhíolta.

Aithnímid go bhféadfadh ioncam OID a shaothraíonn mórdhíoltóirí a bheith ábharthach sa mhéid go bhféadfadh sé a bheith ar a laghad mar chuid den ioncam as a n-íocann an mórdhíoltóir aon lascainí leis an miondíoltóir. Ní leor áfach an t-eolas a chuirtear ar fáil dúinn chun deis a thabhairt dúinn teacht ar aon chonclúidí daingne sa chás seo.

Cuireann RGDATA síos ar figiúr 18% an CSG mar *"entirely unsubstantiated."* Deir siad go dtugann an taighde a rinne siad féin i measc comhaltaí le fios *"the average discount received by retailers* <u>and wholesalers</u> (béim anseo) *from suppliers is not to the scale suggested by the CSG."* Níl an ráiteas seo i ndáiríre in ann aon rud a insint dúinn faoi na meán-lascainí a shaothraíonn miondíoltóirí amháin.

Tá amhras ar RGDATA freisin go bhfuil iolraigh atá ag feidhmiú i margadh na hÉireann ag tabhairt lascainí nach mbíonn ar an sonrasc de 18% leo.

Cuireann IBEC síos freisin ar figiúr an CSG mar "completely unsubstantiated" agus deir siad, bunaithe ar an eolas atá faighte acu ó sholáthróirí agus ó mhiondíoltóirí, go bhfuil an figiúr níos gaire do 10%. Ní deir siad cibé ar chóir léirmhíniú a bhaint as sin go bhfuil sé níos mó nó níos lú ná 10%.

Tá sé tugtha le fios ag Tesco gurb eol dóibh go bhfuil feidhm le lascainí nach mbíonn ar an sonrasc ach níl sé tugtha le fios acu chomh fairsing agus atá na lascainí sin.

Tháinig an Coimisiún um Chleachtais Srianta ar an gconclúid i 1991 *"…off-invoice discounts appear to be quite significant in some cases and to have increased in magnitude since the introduction of the ban."* Dúirt an Coimisiún i gcás roinnt soláthróirí *"have paid substantial discounts (up to 25% and 30%) off the invoice…"*

Mar sin féin, níl aon rogha ag an Roinn ach teacht ar an gconclúid nach bhfuil aon eolas san fhaisnéis a thug ionadaithe trádála grósaera mar fhreagra ar an bPróiseas Comhairliúcháin maidir le bheith ag íoc lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a thabharfadh deis dúinn a bheith cinnte faoi cé chomh fairsing ar an meán agus atá lascainí den sórt sin nó raon na lascainí sin.

Measaimid é sin mar thoradh díomách de bhrí go raibh deis ann mar chuid den Phróiseas Comhairliúcháin soiléiriú sonrach a thabhairt ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí d'fheidhmiú an Ordaithe um Earraí Grósaera 1987 –

[5] Feidhmíonn ADM Londis saincheadúnas Londis in Éirinn agus soláthraíonn siad é

chomh mór agus a íocann soláthróirí lascainí nach mbíonn ar an sonrasc lena gcuid custaiméirí miondíola. Tá sé sin amhlaidh go háirithe ag glacadh leis an ráiteas a rinne an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí go raibh lascainí den sórt sin ag coinneáil praghas earraí grósaera i siopaí miondíola ard nuair nach raibh gá ar bith leis.

Dá bharr, ar an drochuair, chomh doiléir agus atá an freagra, leagann sé béim dar linn, ar an mbealach tábhachtach agus rúnda a fhéachann an trádáil ar na téarmaí seo.

Ina theannta sin, tagaimid ar an gconclúid fiú amháin sa chás go mbíonn na lascainí sin ar an meán níos lú ná an 18% a luaigh an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí, fós féin gur cuid mhór den ioncam a shaothraíonn an trádáil miondíola é ioncam den sórt sin.

## 6.4 An Tionchar a Bhíonn ag Lascainí Nach mBíonn ar an Sonrasc ar Chorrlaigh Miondíola

Cuireann an tOrdú um Earraí Grósaera cosc ar mhiondíoltóir díol ag praghas atá níos lú ná an praghas ar an sonrasc a thugann a sholáthróir dó.

Má fhaigheann an miondíoltóir lascaine maidir le táirge a chlúdaíonn an tOrdú um Earraí Grósaera níos déanaí, ní féidir leis an lascaine sin a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir i bhfoirm laghdaithe ar phraghas atá faoin bpraghas ar an sonrasc i gcás an táirge a bhíonn i gceist.

Tá sé sin amhlaidh mar:

(a) Deirtear san Ordú um Earraí Grósaera go mbeifí ag briseadh an dlí agus é sin á dhéanamh, agus

(b) Ní bheadh sé praiticiúil ar aon nós ag glacadh leis go n-íoctar an lascaine i riaráistí agus gur dóigh go bhfuil an táirge díolta leis an tomhaltóir le fada.

Mar sin féin, fiú amháin dá mbeadh an miondíoltóir in ann, bunaithe, mar shampla, ar a thaithí trádála roimhe sin leis an soláthróir lena mbaineann nó bunaithe ar fhorálacha an chomhaontaithe scríofa a bhí aige lena sholáthróir, an tsuim a bheadh ar na lascainí siarghabhálacha b’fhéidir a gheobhadh sé a thuar, bheadh sé fós in aghaidh an dlí aige praghas díolacháin an táirge a bheadh i gceist a laghdú faoin luach a luadh ar an sonrasc.

Is é an chiall a deirtear atá i réasúnacht CSG ná má dhéantar aisghairm ar an Ordú um Earraí Grósaera, ní bheadh aon dreasacht ann níos mó ag soláthróirí lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a chur i bhfeidhm, agus fiú amháin dá mbeadh, d’fhéadfaí lascainí den sórt sin a thuar agus a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna miondíola níos ísle.

Ní thagann leasanna trádála éagsúla a bhfuil aighneachtaí curtha isteach acu maidir leis an gceist le hargóint CSG.

Luann RGDATA: *"There is nothing in the Order that prevents supplier discounts from being included on the invoice."* And they add that their research of 87 suppliers in the Irish market revealed that 68% of them *"frequently placed discounts on the invoice and regard this as a matter that is one to be agreed between the retailer and the supplier."*

Nílimid iomlán cinnte faoin argóint sin.

Is fíor cinnte nach gcuireann an tOrdú cosc ar lascainí a chur ar an sonrasc. Ní shin é an áit a bhfuil an fhadhb. Is í an fhadhb nach gcuireann an tOrdú cosc ar lascainí a ***fhágáil ar lár*** ón sonrasc. Go deimhin ceadaíonn sé é sin go sainiúil agus spreagann sé é. D'fhéadfaí tuilleadh béime a chur ar thaighde RGDATA dá mbeadh sé den tuairim gur chuir soláthróirí ***gach*** lascaine ar an sonrasc ***i gcónaí.*** Is léir nach gcuireann.

Tá baint i bhfad níos mó dar linn ag an tuairim a bhí ag RGDATA agus ag roinnt daoine eile go gcuirtear ioncam a shaothraíonn miondíoltóirí as lascainí nach mbíonn ar an sonrasc in aghaidh chostais oibríochta i ndáiríre.

Déanann RGDATA, IBEC, ADM Londis, BWG Foods Ltd, Musgrave Group and daoine eile ar fad tagairt do thuarascáil de chuid na heacnamaithe Tansey Webster Stuart i 2003[6] a bhí den tuairim gurb é an glan-bhrabús corrlaigh a shaothraigh sampla miondíoltóirí bia neamhspleácha i 2002 ná 2.65%.[7]

**RGDATA:** *"On the basis of these figures, it is clear that, in effect, the benefits of any discounts received by independent wholesalers or independent retailers are being passed directly to consumers through the distribution chain and are reflected in the low level of profitability secured by enterprises in this competitive sector."*

**IBEC*:*** *"Information from suppliers and retailers suggests that this figure (for off-invoice discounts) is nearer 10% and reflects the cost of promotions in the Irish retail market rather than being a measurement of profit."*

**ADM Londis:** *"…,The CSG Report appears to ignore the fact the retailers have increasingly high levels of operating costs."*

**BWG Foods Ltd*:*** *"These net margins include the discount or rebate income which has been passed on to them by the relevant wholesaler. As is the case for the wholesalers, were independent retailers to pass on their rebate income*

[6] Food Production and Food Prices in Ireland, arna ullmhú ag Tansey Webster Stuart do RGDATA agus Food & Drink Industry Ireland. Arna Foilsiú i Samhain 2003.

[7] Tá tagairt déanta ag líon mór miondíoltóirí grúpaí siombaile freisin do Thuarascáil Tansey. Mar sin féin, níor thagair aighneachtaí mar sin tríd is tríd do lascainí nach mbíonn ar an sonrasc agus mar sin ní féidir aon nasc díreach a dhéanamh idir corrlaigh agus lascainí.

*to consumers in the form of lower prices then they too would be selling product at a net loss."*

**Musgraves:** *LTAs are part of the overall margin of the business as all off-invoice discounts are included in the overall profit margin."*

Ní dhearna **Tesco** aon tagairt do Tansey ach dúirt siad é seo a leanas: *"…we pass on to customers the full value of off-invoice discounts in the form of lower margins on a wide range of products…"*

Glacann an Roinn leis an bprionsabal a bhaineann leis an argóint seo ach tá imní mhór orainn maidir leis na conclúidí ar thángthas orthu maidir le chomh fairsing a bhí corrlaigh miondíoltóirí sa trádáil grósaera mar a tugadh le fios le Tuarascáil Tansey Webster.

Ní thugaimid aon tuairim faoin modheolaíocht a d'úsáid Tansey Webster chun teacht ar an gconclúid gur ionann corrlaigh miondíola sa trádáil ar an meán agus 2.65%. Mar sin féin is mian linn a rá nach tástáil bhailí iad glan-chorrlaigh as cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil an tomhaltóir ag fáil luach a chuid airgid nó nach bhfuil. Is féidir le corrlaigh ísle míéifeachtúlachtaí móra a chur i bhfolach ag aon tráth sa slabhra imdháilte agus ní hionann iad agus argóint i bhfábhar an nóisin go bhfuil an té atá ag saothrú corrlaigh ísle ag baint praghsanna ísle amach.

Cosúlacht amháin ná na táillí arda a ghearrtar i dtionscal na haerlíne ag tráth a raibh cuid mhaith aerlínte ag cailleadh suimeanna móra airgid. Ar an lámh eile tá cuid mhaith aerlínte a ghearrann táillí ísle anois i measc na gceann is brabúsaí sa tionscal.

Deir Tansey go bhfuil teorainn leis an scóip le haghaidh gnóthachain táirgíochta san earnáil imdháilte miondíola.

Ní chuirtear aon fhianaise i láthair leis an tuairim sin. Ar aon nós, ní dearnadh tástáil riamh ar an tairiscint a chuir Tansey i láthair agus níl aon chúis ann go ndéanfaí cosaint ar an seasamh aonair.

Tugann Tansey le fios go mbeidh praghsanna miondíola níos airde ann mar gheall ar chostais saothair ard d'uireasa gnóthachain táirgiúlachta suntasach. Is fíor é sin gan amhras ach bímis cúramach gan costais saothair a mheascadh le rátaí saothair, go háirithe i dtionscal a fhaigheann cosaint ó iomaíocht.

Mar sin féin, is léir go mbíonn an costas a bhíonn ar mhiondíoltóir as aon táirge a dhíoltar le tomhaltóir comhdhéanta as, ní hamháin an praghas ceannacháin a íoctar le mórdhíoltar i gcás an táirge a bhíonn i gceist, ach freisin na costais oibríochta a bhaineann leis an táirge a chur ar an margadh – costais mar thuarastail, soilsiú, teas, cíos, rátaí, iompar, árachas agus mar sin de.

Go deimhin, is é an deacracht a bhain riamh le sainmhíniú a thabhairt ar chostas ná socrú conas a d'fhéadfaí costais oibríochta den sórt sin a roinnt amach ar tháirgí ar leith ar sheilfeanna miondíoltóirí.

Is léir ar an gcaoi chéanna go mbíonn ar mhiondíoltóir costais den sórt sin a íoc amach as a chorrlach glan .i. an difríocht idir praghas costais iarbhír an táirge (lena n-áirítear gach lascaine bídis ar an sonrasc nó nach mbíodh) agus an praghas díolacháin iarbhír (lena n-áirítear aon lascainí a íoctar leis an tomhaltóir).

Nuair a bhíonn gach costas íoctha, is ionann cibé a bhíonn fágtha agus glan-chorrlach nó brabús an mhiondíoltóra.

Is comhchuid amháin de ghlan-chorrlach an mhiondíoltóra iad lascainí nach mbíonn ar an sonrasc agus bheadh sé réasúnach glacadh leis go gcaithfeadh ar a laghad cuid den lascaine nach mbíonn ar an sonrasc a shaothraíonn miondíoltóir a dhul i dtreo costais oibríochta a íoc.

Ní bheadh an cás amhlaidh, áfach, dá mba leor é an praghas díolacháin leis an tomhaltóir chun freastal ar gach costas oibríochta sula bhfaighfí aon ioncam ó lascainí nach mbíonn ar an sonrasc. In imthoscaí den sórt sin, is léiriú a bheadh in ioncam lascainí nach mbíonn ar an sonrasc agus airgead breise anuas ar ghlan-chorrlach nó brabús an mhiondíoltóra.

## 6.5 An mbaineann Tomhaltóirí leas as lascainí nach mbíonn ar an sonrasc?

Creideann an Roinn go mbíonn tionchar mór ag lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc ar phraghsanna miondíola ar bhealaí éagsúla.

Ag glacadh leis ar feadh nóiméid go bhfuil an t-ioncam lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a shaothraíonn miondíoltóirí ag 10% ar an meán (an figiúr a dúirt IBEC) agus ag glacadh leis freisin go bhfuil figiúirí Tansey Webster Stuart i gcás an ghlan-chorrlaigh ar an meán a shaothraíonn miondíoltóirí neamhspleácha ceart ag c. 2.65%, ansin thiocfadh sé ina dhiaidh sin go bhfuiltear ag cur comhchuid den ioncam lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a shaothraíonn miondíoltóirí ar aghaidh chuig tomaltóirí ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.

Is léir do chách go bhfuil srian mór le chomh mór agus is féidir an t-ioncam sin a chur ar aghaidh i bhfoirm praghsanna ísle ar tháirgí a chlúdaíonn an t-ordú de bhrí go bhfuil an tíos-phraghas ag ar féidir táirgí den sórt sin a dhíol socraithe ag an bpraghas ar an sonrasc.

Tá bealaí eile ann áfach inar féidir leis an tomhaltóir buntáiste a bhaint as. Tá cuntas ar cheithre mhodh ina bhféadfaí é sin a dhéanamh thíos.

**Lascainí ar tháirgí nach gclúdaíonn an tOrdú:** Meastar go mbaineann comhchuid den lascaine nach mbíonn ar an sonrasc a shaothraíonn

miondíoltóirí le táirgí nach gclúdaíonn an tOrdú. Bíonn saoirse ag an miondíoltóir na táirgí sin a dhíol leis an tomhaltóir ag praghas níos lú ná an praghas ar an sonrasc agus mar sin, ag cur gné áirithe dá ioncam ó lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc ar aghaidh chuig an tomhaltóir.

**Praghas níos ísle ar an iomlán ar tháirgí nach gclúdaíonn an tOrdú:** D'fhéadfadh miondíoltóir úsáid a bhaint as ioncam ó lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc i gcás táirgí a chlúdaíonn an tOrdú chun praghas díolacháin tháirgí nach gclúdaítear faoin Ordú a laghdú.

De réir dealraimh mhol ar a laghad dhá aighneacht a fuarthas é sin. Dúirt Tesco go dtugann siad do chustaiméirí *"the full value of the off-invoice discounts, in terms of lower margins on a wide range of products."*

Dúirt RGDATA *"In practice these discounts are passed back to consumers, at least by the independent trade, in the form of lower prices across the board and through increased investment in new shops. Different suppliers give retailers different discounts and in many instances, the discounts are used to reduce the cost of products across the board."*

Tá sé suimiúil nach raibh an Grúpa mórdhíolta BWG a fheidhmíonn brandaí siombaile Spar agus Mace den tuairim chéanna. Dúirt siad: *"…were independent retailers to pass on their rebate income to consumers in the form of lower prices then they too would be selling product at a net loss."*

Ar aon bhealach, bheadh gné tras-fóirdheontais éigin idir táirgí a chruthaíonn dímchumadh sa mhargadh agus is é ár dtuairim, go mó dochair agus míbhuntáiste a bheadh anseo i gcás codanna den daonra nach bhfuil chomh maith sin as a chaitheann comhchuid níos airde dá n-ioncam ar bhia a chlúdaíonn an tOrdú.

Toradh eile diúltach a bheadh leis sin ná sa chás go mbeadh tábhacht níos lú ag na táirgí ar a bhfuiltear ag cur lascaine i bhfeidhm orthu laistigh den Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí, bheadh tionchar tromchúiseach aige sin ar an CPI.

Breithníodh scaipeadh praghsanna den sórt sin mar ghné nó toradh ar chothabháil praghsanna athdhíolta sna 1950aidí. Ina thuarascáil i 1956 ar an trádáil grósaera, tháinig an Coimisiún Cóir-Thrádála ar an gconclúid:

> *"This maladjustment (of costs and margins) arises primarily because of the effect of resale price maintenance in raising the margins of proprietary goods relative to those of 'free' goods and this may occur either because some manufacturers allow higher profit margins where retail prices are fixed, or because in the absence of price competition in respect of proprietary goods such competition tends to be concentrated*

*on the 'free' goods sector thus compressing margins within that sector.'*[8]

Deir go leor de lucht tacaithe an Ordaithe má fhaightear réidh leis an gcosc, go mbeidh corrlaigh níos airde mar thoradh air sin ar tháirgí nach bhfuil an oiread sin tóra orthu chun íoc as díolachán faoi chostas ar na hábhair sin is mó a cheannaíonn tomhaltóirí – na KVIanna[9] mar a thugtar orthu. Is éard a bheadh anseo ná tras-fóirdheontais ag feidhmiú ar bhealach eile. Is cuma cén tuairim a bhíonn ag duine faoin Ordú, is ar éigean a bheadh praghsáil tras-fóirdheontais trédhearcach, is cuma cén bealach a gcuirfí i bhfeidhm é.

**Lascainí Cur Chun Cinn arna mhaoiniú ag an miondíoltóir:** Tairgeann formhór na n-iolrach agus grúpaí siombaile cineál éigin lascainí cur chun cinn nó dílseachta mar dhearbháin le hairgead laghdaithe nó an deis táirgí tí a cheannach ag praghas níos ísle. Is féidir le scéimeanna mar sin, dar linn, éifeacht díchumtha a bheith acu ar phraghsanna agus ar iomaíocht. Ní féidir le tomhaltóirí buntáiste a bhaint as tairiscintí cur chun cinn mar sin ach amháin trí shiopadóireacht a dhéanamh sa stór a eisíonn na tairiscintí agus mar sin tá siad faoi cheangal ag an miondíoltóir sin agus ní spreagtar iad a gcuid siopadóireachta a dhéanamh in aon áit eile. Nó, ní féidir leo an méid a bhíonn caite acu a fháil ar ais ach trí tháirge a bhfuil lascaine air a cheannach agus b'fhéidir nach mbeadh an táirge sin ag teastáil uathu in aon chor. Cuireann scéimeanna den sórt sin teorainn le rogha tomhaltóra agus bheadh tomhaltóirí níos fearr as dá bhféadfaidís praghsanna níos ísle a bheith acu ar an gcéad dul síos agus a gcuid cinntí féin a dhéanamh ó thaobh cathain agus cá háit a gcaithfidh siad an t-ioncam indiúscartha breise a bhíonn siad in ann a chaitheamh. Is é an pointe atá anseo ná gur chóir rogha a bheith acu. Ba chóir gurb iad polasaithe praghsála miondíoltóirí, agus ní an dlí, a dhéanfadh an cinneadh sin.

Míbhuntáiste eile maidir le laghduithe ar an bpraghas ar an mbealach seo ná nach bhfuil aon sásra ann lenar féidir iad a léiriú san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

Tugaimid ar aird freisin sa chomhthéacs seo go bhfuil cás ag feitheamh os comhair na gcúirteanna faoi láthair a chinnfidh cibé an cion é dearbháin le hairgead bainte de a úsáid chun praghsanna miondíola laghdaithe a bhaint amach i gcás táirgí a chlúdaíonn an tOrdú in imthosca ina dtugtar praghas díolacháin na n-earraí lena mbaineann síos faoin nglan-phraghas ar an sonrasc ar íoc an miondíoltóir astu.

**Infheistíocht i mbonneagar stóir:** Is minic gur infheistíochtaí iad sin nach ndéantar ach uair amháin agus ní dóigh go mbíonn aon tionchar leanúnach acu ar glan-chorrlach an miondíoltóra. Is é an deacracht a fheicimid trí chosaint a thabhairt don Ordú um Earraí Grósaera ag rá go ndéanann sé éascú ar a leithéid d'infheistíocht ná go leagann sé préamh ar sheirbhís agus

[8] Tuarascáil Fiosrúcháin an Choimisiúin Cóir-Thrádála sna coinníollacha atá ann maidir le Soláthar agus imdháileadh Earraí Grósaera agus Forálacha, 1956 (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Pr 3722), Alt 178, L.121.
[9] Ábhair ar Eol A Luach

ar an timpeallacht siopadóireachta ina hiomláine agus ní thugann sé deis don tomhaltóir cinneadh a dhéanamh maidir le cá háit a rachaidh sé/sí ag siopadóireacht bunaithe ar fhachtóirí eile – mar phraghas. Cuireann sé cosc freisin ar mhiondíoltóirí freagra a thabhairt ar cad is fearr leis an tomhaltóir ó thaobh praghais, caighdeáin, rogha agus mar sin de. Mar sin féin, ba chóir gur faoi áit an mhargaidh agus ní an dlí an cinneadh a dhéanamh. Arís, níor tharla srianta mar sin díreach mar thoradh ar chothabháil praghsanna athdhíolta sna 1950aidí ach d'úsáid daoine é mar leithscéal sa chás sin:

> *"Quality and service should be the determining factor: if the price is universally known, then the consumer can concentrate on comparing the advantages and qualities of the product against competing goods, and the benefits and services to be obtained from purchasing the particular goods in one place rather than the other."*[10]

## 6.6 Cothabháil Praghsanna Athdhíolta (CPA)

Tá dhá chineál cothabháil praghsanna athdhíolta ann – aonair agus comhchoiteann.

Is ionann CPA aonair agus áit a shonraíonn déantúsóir aonair íos-phraghas[11] ag a bhféadfaidh an trádáil miondíola a chuid táirgí a dhíol. Go hiondúil, forfheidhmíonn an déantúsóir an forógra trí bhagairt soláthairtí a siarchoinneáil ó aon mhiondíoltóir a dhíolann faoin bpraghas sonraithe sin.

Is iondúil go bhforfheidhmeodh cumann trádála CPA comhchoiteann agus b'fhéidir go bhféachfaidís le baghcat a dhéanamh ar aon mhiondíoltóir a dhíolfadh faoi na híosphraghsanna a bhíonn aontaithe – smachtbhanna an dian go deimhin agus ba chóir dleathacht an smachtbhanna sin a cheistiú i sochaí ina mbaintear éifeachtúlacht eacnamúil amach trí fheidhmiú iomaíoch saormhargaí.

Is gnéithe a bhí sa dá mhodh roimhe seo de chothabháil praghsanna athdhíolta mar a bhí feidhm i dtrádáil earraí grósaera na hÉireann sna 1950aidí sular tugadh isteach Orduithe um Earraí Grósaera 1956/1958. Facthas an cleachtas mar rud frith-iomaíoch sa mhéid nár thug sé deis do thomhaltóirí roghanna a dhéanamh bunaithe ar phraghsanna na dtáirgí a bhí ar fáil i stórtha grósaera.

Chuir Ordú um Earraí Grósaera 1956 cosc ar a leithéid de ghníomhaíocht. Bhí sé ag dul in aghaidh iarracht na trádála. Bhí stocaireacht déanta ag RGDATA ar an gCoimisiún Cóir-Thrádála ag féachaint leis an CPA a dhéanamh dleathach. Diúltaíodh an iarracht sin agus meastar an cosc ar CPA riamh ó shin mar chéim mhór chun cinn ó thaobh teacht chun cinn thrádáil

[10] Tuarascáil Fiosrúcháin an Choimisiúin Cóir-Thrádála, 1956 op. cit., aighneacht RGDATA, Aguisín III, P.151.
[11] Cuirimid béim ar an bpointe a rinneadh níos luaithe go bhfuilimid ag caint anseo ar íos-chothabháil praghsanna athdhíolta.

earraí grósaera na hÉireann. D'oscail sé an trádáil suas do chleachtais nua, chuir sé iomaíocht chun cinn agus rogha níos mó do thomhaltóirí.

Sa Ríocht Aontaithe, sa tréimhse díreach i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, tharraing an cás i bhfábhar agus i gcoinne deireadh a chur le cothabháil praghsanna athdhíolta ceann de na díospóireachtaí polaitiúla ba theasaí den tréimhse. I 1956, ag teacht beagnach le tabhairt isteach an Ordaithe um Earraí Grósaera in Éirinn, chuir Teach na gComóntaí tríd an *Restrictive Trade Practices Act* cosc ar CPA comhchoiteann. Lean an díospóireacht áfach faoi CPA aonair agus cuireadh deireadh leis an CPA sa Ríocht Aontaithe ar deireadh thiar nuair a tháinig an *Resale Prices Act* in 1964.

In Éirinn, cuireann Airteagal 3 den Ordú um Earraí Grósaera 1987 cosc ar aon soláthróir nó mórdhíoltóir miondíoltóir a mhealladh, ar aon bhealach, chun díol ag praghas socraithe sonraithe, nó ag praghas nach lú ná praghas socraithe nó íos-phraghas.

Ina theannta sin, cuireann Alt 4 d'Acht Iomaíochta, 2002 cosc ar aon chomhaontuithe nó cleachtais dírithe a shocródh go díreach nó go neamhdhíreach praghsanna ceannacháin nó díolacháin earraí. D'fhéadfadh duine ar bith a fhaightear ag sárú na forála sin a bheith dlite ag smachtbhannaí coiriúla.[12]

Mar sin féin, is é an éifeacht atá ag Airteagal 11 d'Ordú 1987 ná foráil nach bhféadfaidh miondíoltóir díol faoin bpraghas socraithe a bhíonn sonraithe ar an sonrasc a fhaigheann sé óna sholáthróir nuair a cheannaíonn sé na hearraí. Tá sé ráite ag an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí agus ag daoine eile go gciallaíonn sé sin go bhfuil an soláthróir go héifeachtach ag cinneadh an íos-phraghas miondíola don táirge agus gur cineál cothabháil praghsanna athdhíolta é sin.

Tá an ráiteas sin a rinne an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí diúltaithe ag RGDATA agus dúirt siad go léiríonn an argóint *"a remarkable amount of naivety on the part of the CSG."*

> *"No one with any practical knowledge of the retail grocery market could possibly conclude that any supplier has the ability or power to determine the minimum resale price of a product. Any supplier endeavouring to determine the resale price of a product in a shop would not sustain a long-term relationship with any retailers, regardless of size. This is reflected in the responses by suppliers to the RGDATA survey where over three quarters of suppliers (77%) rejected that the mechanism for net invoice price in the Order gave them any control over the minimum resale price of a product in grocery shops. Of the 23% who indicated that it enabled them to exercise some influence*

[12] I nDeireadh Fómhair 2000, thug an tÚdarás Iomaíochta ionchúiseamh in aghaidh Estuary Fuel Limited as cothabháil praghsanna athdhíolta i ndáil le breoslaí mótair a dhíol ag stáisiún i dTrá Lí. Ghearr Cúirt Dúiche Luimnigh fíneáil de IR£1,000 (€1,270) as alt 4 d'Acht Iomaíochta 1996 a shárú.

*over the resale price of products, all were adamant that the ultimate arbiter of the price of products in shops is the retailer."*

Is cosúil gurb éard atá RGDATA ag iarraidh a rá ná gurb é an miondíoltóir a chinneann cén praghas a bhíonn ar an sonrasc a thugann a sholáthróir dó/di. Tá amhras mór orainn go bhfuil sé sin amhlaidh. Más é sin an cás, d'fhéadfadh sé cion a léiriú faoi Alt 4 d'Acht Iomaíochta, 2002.

Níl tuairim RGDATA ag teacht leis an tuairim a léiríodh i dtuarascálacha de chuid an Choimisiúin um Chleachtais Srianta ina dhiaidh sin i 1972, 1980, 1987 agus 1991 sa mhéid gur cuid de CPA a bheadh i ndíolachán faoi chostas nó go ndéanfadh sé éascú air.

Níl sé ag teacht ach an oiread leis an tuairim a léirigh an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí roimhe seo:

> *"The Director considered that the ban was open to abuse in that it could be used by suppliers to achieve Resale Price Maintenance…Use of the net invoice price to achieve RPM would have to be regarded as anti-consumer and would need to be tackled."*[13]

Níl sé ag teacht ach an oiread leis an tuairim a bhí ag an Údarás Iomaíochta a dúirt ina n-aighneacht:

> *"This restriction* (in passing on off-invoice discounts) *not only prevents customers from benefiting from lower prices, it also allows suppliers to control the price at which retailers sell their products. In this way the Order induces and legalises 'resale price maintenance'."*

Dúirt Tesco é seo a leanas, cé nár thagair siad go sonrach do CPA:

> *"Article 13 of the Groceries Order requires suppliers to prepare and maintain written terms and conditions of sale and to subsequently sell in accordance with these, in what is alleged to be a non-discriminatory manner. This effectively imposes wholesale price fixing."*

Níl aon amhras orainn ach go gcuireann forálacha Airteagal 13 isteach tuilleadh ar an gcosc ar dhíolachán faoin bpraghas ar an sonrasc a éilíonn ar sholáthróir téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a ullmhú agus gan imeacht ó na téarmaí agus coinníollacha sin. Ní cosúil leis an gceanglas sin go mbeidh an oiread cumhachta ag miondíoltóirí aonair nuair a thagann sé chomh fada leis an bpraghas ar an sonrasc i gcás táirge a phlé.

Tá baol ann go gcaithfeadh aon laghdú a phléifí, dá mba léiriú a bheadh iontu ar leasú ar na téarmaí caighdeánacha agus sa chás go mbeifí ag comhlíonadh téarmaí an Ordaithe, a bheith ar fáil do chách. Is cinnte nach ndéanfadh é sin aon leas don soláthróir, ach ní cosúil go mbainfeadh

---

[13] Tuarascáil 1991 an CCS ar Fheidhmiú Ordú um Earraí Grósaera, op.cit., Alt 7.31, Lth.59

miondíoltóir aon leas as ach an oiread sa chás go mbaineann a iomaitheoir amach go huathoibríoch buntáistí a chumhacht cainteanna.

Spreagfadh sé sin go cinnte cainteanna a dhíriú ón bpraghas ar an sonrasc go dtí na téarmaí forlíontacha nach mbíonn foilsithe agus nach mbíonn ar fáil do gach duine.

Tá an tuairim sin ag teacht le tuairim an Choimisiúin um Chleachtais Srianta leis na blianta.

> *"There is in most cases token compliance with the Order through the publication of terms and conditions and the issuing of invoices in accordance with them. However, the terms and conditions appear to be merely a basis of discussion and the real terms achieved by buyer and seller are what are referred to in the Order as 'supplementary terms'"*[14]

> *"Discrimination in terms now takes place largely by way of off-invoice discounts."*[15]

Mar sin, cé go bhféadfadh sé a bheith mar éifeacht ag an Ordú cainteanna faoin bpraghas ar an sonrasc a dhíspreagadh (cé nach bhfuil cosc ar chainteanna den sórt sin) agus cainteanna a spreagadh ina áit sin ar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc, ní chuireann sé sin, mar atá ráite ag go leor de lucht tacaíochta an Ordaithe, cosc ar mhiondíoltóirí úsáid a bhaint as cumhacht an mhargaidh chun stop a chur le corrlaigh soláthróra. Mar sin féin, toradh amháin tábhachtach a bhíonn ag an éifeacht sin ná cé go bhféadfadh tomhaltóirí buntáiste a bhaint as praghsanna níos ísle ar an sonrasc, ní féidir leo buntáiste chomh héasca céanna a bhaint as lascainí níos airde.

Tá roinnt fianaise staitiúil ann freisin faoi ionramháil sonraisc ó thaobh na soláthróirí de.

> *The Director expressed concern about a case of invoice manipulation which was intended to ensure that goods would be sold at a price not less than a minimum price specified by the supplier.*[16]

Agus ina haighneacht chuig an gComhchoiste Oireachtais in Eanáir 2005, dúirt an Stiúrthóir mar seo a leanas:

> *"…we have had a case where a retailer was getting a specified discount but the supplier would not put it in cash terms on the invoice and, therefore, it could not be deducted from the price on the invoice.*
>
> *While we are discussing invoice price, I would mention another case where a retailer wanted to buy a particular product from his supplier at*

[14] Tuarascáil 1987 an CCS ar Fheidhmiú Ordú um Earraí Grósaera, op.cit., Alt 5.13, Lth.66.
[15] Tuarascáil 1991 an CCT ar Fheidhmiú Ordú um Earraí Grósaera, op. cit.., Alt 7.140, Lth.91.
[16] Tuarascáil 1991 an CCT ar Fheidhmiú Ordú um Earraí Grósaera, op.cit., Alt 5.12 P.45. Tá sonraí iomlán an cháis, a bhain le iógart a dhíol, tugtha sa Tuarascáil.

*the same price as it was on sale in a large multiple and asked his supplier to supply him on similar terms. The supplier was prepared to give him an invoice to that effect provided that the difference between that price and his normal supply price was paid separately. What the supplier was suggesting here would facilitate a breach in spirit, if not in law, of the Order. We were unable to take any action in the matter."*

Cé go dtuigimid gur fianaise starógach í an fhianaise seo maidir le ionramháil sonraisc, táimid sásta go dtugann na cásanna a luadh dóthain fianaise dúinn go ndéanann an tOrdú éascú agus fiú go spreagann sé an cleachtas.

Is féidir le ionramháil sonraisc oibriú ar bhealach eile freisin a thabharfadh deis do mhiondíoltóirí áirithe forálacha an Ordaithe a sheachaint. Mar shampla, má bhíonn ilnáisiúnach mór in ann soláthairtí agus sonrasc a fháil do tháirgí trí chuideachta gaolmhar, d'fhéadfaidís socrú a dhéanamh a rogha praghas a chur ar an sonrasc. Thabharfadh sé sin buntáiste iomaíochta ar leith dóibh thar mhiondíoltóirí eile nach raibh a leithéid de shaoráid acu agus léiríonn sé díchumadh tromchúiseach trádála san earnáil.

Táimid den tuairim go n-éascaíonn Airteagal 11 den Ordú – as a stuaim féin agus go háirithe nuair a ghlactar é i gcomhar le hAirteagal 13 – soláthróir ó thaobh íos-phraghas a shocrú faoi nach bhféadfaidh miondíoltóir táirgí an tsoláthróra a dhíol.

Dúradh go n-éascaíonn Airteagal 11 cineál cothabháil praghsanna athdhíolta dleathach. Is é ár dtuairim é, nach bhfuil ar chumas Airteagal 11 aon toradh mar sin a thabhairt seachas cothabháil praghsanna athdhíolta.

Smaoinimid ar an méid a dúirt Seán Lemass i 1956 nuair a dhiúltaigh sé an cás le haghaidh cothabháil praghsanna athdhíolta a dhéanamh dleathach agus dúirt sé go raibh an cás le haghaidh CPA "scriosta go hiomlán" ag an CCT agus go raibh an cleachtas ag dul in aghaidh leas an phobail.

Dá mba iad na hionadaithe trádála sin a bhí ag iarraidh cothabháil praghsanna athdhíolta a dhéanamh dleathach i 1956 a bheadh ag obair ar Ordú 1987, ní fhéadfaidís plean níos éifeachtaí a chur le chéile lena chinntiú go mbainfidís amach a gcuspóir.

Ina theannta sin, creidimid go bhfuil, ar láimh amháin, Airteagal 3 den Ordú um Earraí Grósaera 1987 agus Airteagal 4 d'Acht Iomaíochta 2002 ag teacht salach ar a chéile go mór, dhá Airteagal a chuireann cosc ar chothabháil praghsanna athdhíolta, agus, ar an láimh eile, Airteagail 11 agus 13 den Ordú um Earraí Grósaera a fheidhmíonn mar chineál cothabháil praghsanna athdhíolta.

Breithnímid go bhfuil sé ar chumas aige sin droch-chlú a tharraingt ar Leabhar Reachtanna na hÉireann.

Is é ár dtuairim é go bhfuil na conclúidí roimhe seo follasach agus gur beag mínithe is gá a thabhairt dóibh. Tá an chonclúid sin againne ag teacht leis na

tuairimí a léirigh an Coimisiún um Chleachtais Srianta i dTuarascálacha thar na blianta.

## 6.7 Tionchar ar Iomaíocht

Feictear an tOrdú um Earraí Grósaera go minic mar rud atá comhchosúil leis an gcosc ar dhíolachán faoi chostas (nó, níos cruinne, díolachán faoin bpraghas ar an sonrasc). Tá an tOrdú i bhfad níos leithne ná sin i ndáiríre.

Ar an gcéad dul síos caithfidh soláthróir[17]earraí den sórt sin ráiteas de na téarmaí agus na coinníollacha ar a bhfuil sé sásta dul i mbun trádála a ullmhú, agus, ansin, iad a fhoilsiú. Is é an aidhm atá leis ná cosc a chur ar idirdhealú míchothrom laistigh den trádáil trína chinntiú go mbíonn tuairim ag gach ceannaitheoir ar an téarmaí ag a bhfuil gach ceannaitheoir eile ag ceannach ón soláthróir sin.

Mar sin féin, is ceadmhach don soláthróir rud a ullmhú ar a dtugtar téarmaí forlíontacha agus ní gá dó é sin a fhoilsiú. Ciallaíonn cineál socraithe mar seo go féidir le soláthróir lascainí a íoc go siarghabhálach le ceannaitheoirí agus bíonn saoirse aige na lascainí sin a phlé go haonair le gach ceannaitheoir. Ní bhíonn aon oibleagáid air/uirthi insint do cheannaitheoir amháin cad a íocann sé le ceannaitheoir eile.

I 1975 d'aithin an Coimisiún um Chleachtais Srianta roinnt gnéithe de théarmaí forlíontacha, a d'éascaigh cleachtais idirdhealaithe míchothrom "against which safeguards ought to be provided":

> *"These were an element of secretiveness, their arbitrary nature and their discriminatory character."*[18]

I 1987, bhí an Coimisiún um Chleachtais Srianta den tuairim:

> *"We are satisfied that suppliers are continuing to discriminate unfairly between their customers at the present time. This discrimination is principally effected through the granting of supplementary terms of a type never envisaged by the Commission. The objectives of the Order have, therefore, not been achieved."*[19]

Cé nach bhfuil aon eolas faighte againn a thabharfadh deis dúinn cinneadh a dhéanamh faoi chomh mór agus atá ioncam lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a shaothraíonn an trádáil grósaera miondíola, táimid sásta gur ghné thábhachtach den bhealach a ndéantar gnó sa trádáil lascainí den sórt sin.

---

[17] Sainmhínithe in Ordú 1987 mar déantúsóir nó impórtálaí earraí le díol le mórdhíoltóirí nó miondíoltóirí.
[18] Tuarascáil Athbreithnithe Speisialta an Choimisiúin um Chleachtais Srianta trí Fhiosrúchán Poiblí ar Fheidhmiú Airteagail 2 agus 3 den Ordú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera) , 1973…(Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Prl 5274), 1975, Alt 48, Lth.23.
[19] Tuarascáil Athbhreithnithe an Choimisiúin um Chleachtais Srianta ar an Ordú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1981 (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Pl 4678), 1987, Alt 5.28, Lth.74.

Sna imthosca sin, níl aon chúis againn cur in aghaidh na conclúide a bhí ag an gCoimisiún um Chleachtais Srianta i 1975 maidir le lascainí den sórt sin "secretive, arbitrary and discriminatory".

Ní thugann nádúr idirdhealaitheach na lascainí sin le fios gurb é an miondíoltóir a bhíonn 'siar leis' i gcónaí. I ndáiríre is é a mhalairt de scéal a bhíonn i gceist áit a bhféadfadh miondíoltóir mór, mar gheall ar an gcumhacht ceannacháin mór a bhíonn aige, lascaine níos mó a bhaint amach nó téarmaí forlíontacha níos mealltaí a thairiscint ná mar a bheadh ag a iomaitheoir. In imthosca mar sin cuirtear an brú ar an solathróir.

Ar ndóigh, tagann nádúr treallach na dtéarmaí seo chun cinn go díreach leis an bpróiseas seo áit a bpléann soláthróir na téarmaí go haonair le gach ceannaitheoir ag deireadh tréimhse trádála.

Agus ar ndóigh, baineann an dá pháirtí leas as na téarmaí a bhíonn pléite a choinneáil faoi rún. Ní chuirfidh ceannaitheoirí eile brú ar an soláthróir téarmaí mar a chéile a thairiscint agus ní chuireann sonraí an idirbhearta a bheadh ar fáil dá chuid iomaitheoirí isteach ar an miondíoltóir.

Ní bhreithníonn an Roinn gur droch rud ann féin é nádúr *"secret, arbitrary, and discriminatory"* na dtéarmaí. D'fhéadfaimis a rá ar an gcaoi chéanna go bhfuil siad *"confidential, negotiated, and based uniquely on the trading relationship between the parties."*

Má bhíonn cumhacht pléite níos mó ag miondíoltóir mór de bhua méid a chuid oibríochta agus an scála eacnamaíochta atá istigh ann, ná ag a iomaitheoir, ansin is féidir féachaint air sin mar ionramháil ar na fórsaí iomaíochta atá ag obair i ngach earnáil den eacnamaíocht – lena n-áirítear trádail earraí grósaera.

Is é an difríocht thábhachtach a bhaineann le trádáil grósaera i gcomparáid le gach earnáil eile den eacnamaíocht ná go bhfuil buntáistí na hiomaíochta sin srianta ag an dlí – Airteagal 11 den Ordú um Earraí Grósaera – ó thaobh iad a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir.

Cuirimid ar bhealach eile é, déarfaimís go mbuaileann soláthróir, a bhfuil a chuid earraí ar fad nó cuid mhaith acu clúdaithe ag an Ordú um Earraí Grósaera, leis an gcustaiméir miondíola is mó atá aige le haghaidh athbhreithniú deireadh bliana, agus é mar thoradh air go n-íocann sé cnapshuim, lascainí nach mbíonn ar an sonrasc de €1m leis an miondíoltóir sin. Féadfaidh an miondíoltóir sin an €1m sin a úsáid chun íoc as costais oibríochta, féadfaidh sé é a úsáid chun margaí cur chun cinn a thairiscint dá chustaiméirí, féadfaidh sé é a úsáid chun praghas earraí eile a dhíolann sé a laghdú, nó féadfaidh sé é a úsáid chun infheistiú i gcaibinéid chuisniúcháin nua dá stór.

Tá cosc air, áfach, ag an dlí an tseic €1m a úsáid chun an praghas a chuireann sé ar thomhaltóirí i gcás na n-earraí a cheannaíonn sé ón soláthróir sin a bhí díreach ina theannta a laghdú, faoi íos-leibhéal sonraithe.

Is é an tionchar a bhíonn aige sin ná teorainn a chur ar iomaíocht praghsanna sa mhargadh. Tharla sé sin go díreach mar gheall ar chothabháil praghsanna athdhíolta sna 1950aidí agus is mar thoradh díreach é, dar linn, ar an gcineál cothabháil praghsanna athdhíolta atá i bhfeidhm i dtrádáil earraí grósaera na hÉireann i láthair na huaire.

Mar atá feicthe againn in Alt 6.5, is dóigh go mbeidh iomaíocht phraghsanna mar atá ann i bhfeidhm i gcás earraí nach gclúdaíonn an tOrdú cé ag an am céanna, go bhfuil an gá atá ann custaiméirí a mhealladh ag spreagadh cineálacha iomaíochta neamh-phraghas – lena n-áirítear scéimeanna dílseachta, fógraíocht, infheistiú i mbonneagar stóir agus mar sin de. Is léir do chách go bhfuil a leithéid d'iomaíocht costasach agus ní féidir na costais a thabhaítear - costais báite iad a bhformhór – a fháil ar ais go héasca.

Stiúrann sé sin ansin comhchruinniú sa mhargadh de bhrí go mbíonn sé níos deacra agus níos daoire dul isteach ann. Is dóigh go gcuireann sé sin bac ar stórtha neamhspleácha nua teacht isteach seachas iolraigh idirnáisiúnta ar nós Aldi agus Lidl. Ach níos tábhachtaí fós, bíonn ar go leor acu sin atá sa mhargadh cheana féin – mar stórtha beaga neamhspleácha – nach mbíonn sé d'acmhainn acu cur suas leis an gcineál seo iomaíochta, agus nach mbíonn cead acu de réir an dlí dul san iomaíocht ar phraghas, imeacht ar fad nó comhdhlúthú a dhéanamh leis na himreoirí móra.

Tá sé sin feicthe againn in aighneachtaí a fuarthas ó shaincheadúnais siombaile neamhspleácha a tharraing aird air go bhfuil, i gcuid mhaith cásanna, infheistíochtaí ar fiú na milliúin euro iad déanta ina gcuid stórtha le roinnt blianta anuas. Is é an gá atá le hinfheistíocht den chineál seo atá ag stiúradh comhchruinniú níos mó sa mhargadh a d'aithníomar i gCaibidil a Cúig. Tá an comhchruinniú sin ag tarlú go príomha ag leibhéal stóir siombaile/áise agus measaimid gur tionchar díreach é a bhí ag an Ordú um Earraí Grósaera.

Glactar leis ar bhonn eacnamúil má bhrúitear iomaíocht praghsanna amach as an margadh go mbeidh infheistíocht costais báite níos airde mar thoradh air agus mar gheall air sin go mbíonn comhchruinniú níos mó sa mhargadh sin.[20] Creidimid go gcuireann sé sin srian tromchúiseach ar iomaíocht agus go gcuireann sé isteach go mór ar shaoirse trádála. Tá sé sin chomh tromchúiseach dar linn nach féidir glacadh leis ach amháin má bhaineann gach páirtí buntáistí aitheanta amach mar thoradh ar a fheidhmiú.

[20] Sutton, J (1991) "Sunk Costs and Market Structure: Price Competition, Advertising and the Evolution of Concentration." Cambridge; MIT Press

## 6.8 An Tionchar a Bheadh ag Aisghairm an Choisc ar Dhíolachán faoin nGlan-Phraghas ar an Sonrasc

Is é an comhthionchar atá ag an gcosc ar dhíolachán faoin bpraghas ar an sonrasc agus ag an gcleachtas lascainithe nach mbíonn ar an sonrasc ná urlár a chur faoi phraghas miondíola earraí a chlúdaíonn an tOrdú. Ní chinntear an t-urlár sin, a ghníomhaíonn mar íos-phraghas faoi nach féidir na hearraí a dhíol, le gnáth-fhórsaí iomaíochta, mar a bheadh i gcás earnálacha trádála eile den eacnamaíocht, ach tríd an soláthróir a bheith ag gníomhú go haontaobhach nó i gcomhar lena chustaiméir miondíola.

Is é an tionchar a bheadh ag aisghairm a dhéanamh ar an Ordú um Earraí Grósaera ná go bhfaighfí réidh leis an urlár praghsanna agus go mbeadh deireadh leis an mbrú ar phraghsanna a chruthaítear dá bharr. Gheobhadh sé réidh freisin le ceann de na príomhdhreasachtaí i bhíonn le haghaidh lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc agus mar thoradh air sin bheadh trédhearcacht praghsanna i bhfad níos mó trína chinntiú go dtugann an praghas ar an sonrasc léargas níos cruinne ar fíor-phraghas ceannacháin na n-earraí atá á ndíol leis an miondíoltóir.

Bheimis ag súil gurb é an tionchar a bheadh ag an iomaíocht sa mhargadh mar thoradh air sin ná laghduithe a dhéanamh ar phraghsanna miondíola earraí a chlúdaíonn an tOrdú.

Mar sin féin, ní chreidimid go féidir a thuar ar aon bhealach réasúnach cé chomh mór agus a bheadh laghduithe praghsanna den sórt sin i ndáiríre. Go bunúsach, beidh sé sin mar fheidhm ag fachtóirí éagsúla lena n-áirítear an líon lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a bheidh ar fáil le haistriú ar ais go dtí an sonrasc, leibhéal iarbhír de ghlan-chorrlach atá i bhfeidhm sa trádáil miondíola faoi láthair, agus chomh mór agus a stiúróidh fórsaí iomaíochta mar thoradh air sin éifeachtúlachtaí ag gach leibhéal den tslabhra táirgthe agus imdháilte.

Beidh tionchar ag fachtóirí seachtracha eile, lena n-áirítear costais ionchuir agus éileamh tomhaltóirí, freisin ar phraghsanna miondíola agus beidh sé deacair an tionchar a bheidh ag aon fachtóir amháin a mheas as féin mar an cosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc.

Táimid ag súil go mbeadh tionchar ag iomaíocht praghsanna níos mó ag an leibhéal miondíola, agus na laghduithe ar phraghas miondíola earraí grósaera mar thoradh air sin, ag gach leibhéal den tslabhra imdháilte cé, arís eile, nach gcreidimid go féidir a thuar cé chomh mór agus a bheidh an tionchar sin.

Mar sin féin, féadfar go leor den bhrú síos atá ar phraghsanna a shú chomh maith trí éifeachtúlachtaí níos mó a chruthú ag leibhéal miondíola na trádála.

Gan amhras, áfach, bhraithfí roinnt tionchair ag leibhéal an tsoláthróra agus bheimis ag súil go dtógfaí an brú anseo tríd éifeachtúlachtaí níos mó.

Mar thoradh air sin, bheimis ag súil go mbeadh an tionchar ag an leibhéal táirgiúlachta lag agus scaipthe amach. Bheadh táirgeoirí táirgí a chlúdaíonn an tOrdú anois faoi réir ag na brúanna iomaíochta céanna agus a bheadh táirgeoirí táirgí úra, nach bhfuil clúdaithe.

## 6.9 Ról an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí

Ag cruinniú de chuid an Comhchoiste Oireachtais ar Fhiontar agus ar Ghnólachtaí Beaga le gairid, dúirt an Comhairleoir leis an gCoiste de bhrí go raibh cosc ar chothabháil praghsanna athdhíolta faoi Airteagal 3 den Ordú um Earraí Grósaera, go bhféadfadh an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí cumhachtaí atá ar fáil di a chur i bhfeidhm faoi Airteagail níos déanaí chun cosc a chur ar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a bheith á n-úsáid mar bhealach chun an cleachtas a éascú.

Ní chreidimid gur ráiteas bailí é sin ar roinnt cúiseanna.

Ar an gcéad dul síos, ní féidir linn aon fhoráil san Ordú a phiocadh amach a chuireann cosc ar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc. Is é fírinne an scéil ná go gceadaíonn na forálacha a dhéileálann le téarmaí forlíontacha go hiomlán iad. Chuir an Stiúrthóir an Coiste ar an eolas sa léiriúchán a chuir sí faoina mbráid in Eanáir, 2005, nach raibh sí ábalta aon ghníomh a ghlacadh nuair a d'aithin sí cásanna inar dhiúltaigh soláthróirí lascainí a chur ar an sonrasc, cé go raibh a fhios aici go mba sárú mór ar spiorad na reachtaíochta an méid a bhí feicthe aici (féach Alt 6.6 thuas).

Agus, mar a thaispeántar in Alt 6.6, is é an gníomh féin ó thaobh sonrasc a sholáthar a bhíonn ina chionsiocair ag cothabháil praghsanna athdhíolta – chomh luath agus a tharlaíonn é sin, socraítear an praghas athdhíolta beag beann ar cibé an íoctar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc ag tráth níos déanaí nó nach n-íoctar.

Ní féidir i ndáiríre a bheith ag súil leis an Stiúrthóir soláthróir a ionchúiseamh as sonrasc a chur ar fáil dá chustaiméirí miondíola.

Ní bhíonn cion cothabháil praghsanna athdhíolta déanta ag an miondíoltóir ach fiú amháin dá bhféadfadh sé é sin a dhéanamh, ní ionann an cion sa chás sin agus a bheith ag díol faoin bpraghas ar an sonrasc. Is ar éigin gur féidir an miondíoltóir a ionchúiseamh as diúltú rud éigin a dhéanamh, rud a bhfuil cosc air, de réir an dlí.

Bhí forálacha curtha san áireamh in Airteagal 13, 14 & 15 d'Ordú um Earraí Grósaera 1987 ar mholadh an Choimisiúin um Chleachtais Srianta a cheadódh don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí cóip dá gcuid téarmaí agus coinníollacha díolacháin a iarraidh ar aon soláthróir – lena n-áirítear sonraí faoi aon téarmaí forlíontacha a phléigh siad lena gcustaiméirí mórdhíolta nó miondíola.

Má bhíonn an Stiúrthóir den tuairim ina dhiaidh sin go raibh sé mar éifeacht ag aon cheann de na téarmaí idirdhealú míchóir a dhéanamh in aghaidh aon pháirtí, d'fhéadfaidís iarraidh ar an soláthróir iad a leasú chun fáil réidh leis an idirdhealú míchóir.

Ceann de na cúiseanna a bhí leis na forálacha seo ná chun deis a thabhairt monatóireacht a dhéanamh ar théarmaí agus ar choinníollacha trádála agus athbhreithniú pleanáilte ar fheidhmiú an Ordaithe tar éis 12 mhí dhéag i mbun feidhmithe a éascú.

Nuair a d'fhéach an Stiúrthóir leis na cumhachtaí sin a chleachtadh, sa tréimhse i ndiaidh Ordú 1987 a thabhairt isteach, mheas sé go raibh siad mí-éifeachtach ar chúiseanna éagsúla. Bhí amhras go mbeifí in ann iarraidh ar sholáthróirí mímhacánta an cleachtas a chomhlíonadh, bhí an iomarca ábhar tagtha isteach in oifig an Stiúrthóra, agus facthas an ceanglas i go leor codanna mar ualach nach raibh gá leis ar an trádáil agus, tríd is tríd, níor thángthas ar aon bhealach ciallmhar chun an cleachtadh a dhéanamh. Ní raibh an obair inbhuanaithe níos mó.

Tá roinnt aighneachtaí faighte ó pháirtithe leasmhara ag rá gur chóir don Stiúrthóir féachaint arís lena cumhachtaí a chleachtadh chun a dhéanamh amach chomh fairsing agus atá lascainí nach mbíonn ar an sonrasc sa trádáil.

**BWG Foods Limited:** *"We would point out that the Director of Consumer affairs has the authority to review any trading agreement between a retailer and a supplier as part of her responsibility to police the operation of the Order."*

**Comhchoiste Oireachtais ar Fhiontar & Gnólachtaí Beaga:** *"The Director of Consumer Affairs should obtain information from the principal grocery trade suppliers of the levels of off-invoice discounts, rebates, etc, being granted to individual retailers."*

Tá sé ráite freisin ag an gComhchoiste Oireachtais gur chóir don Údarás Iomaíochta tabhairt faoi staidéar faoi Alt 30 den Acht Iomaíochta 2002 chun leibhéal brabús na mórchuideachtaí iolracha grósaera a fháil amach agus leibhéal na lascainí, lacáistí, srl a bhronn soláthróirí ar chuideachtaí iolracha grósaera, agus tuarascáil a eisiúint laistigh de bhliain amháin.

**RGDATA:** "*There is also no evidence presented by the CSG to indicate that consumers are not getting the benefits of any off-invoice discounts. Indeed the Director of Consumer Affairs has power under the Order to access details of the level of off-invoice discounts and should be encouraged to do so."*

Déanann RGDATA formhuiniú freisin ar mholadh an Chomhchoiste Oireachtais maidir le ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Údarás Iomaíochta ó thaobh imscrúdú a dhéanamh ar an gceist.

Tá breithniú láidir déanta ag an Roinn ar na beartais sin. Chuamar i gcomhairle leis an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí a thug le fios go bhfuil

amhras mór uirthi, bunaithe ar thaithí roimhe seo, cibé an mbeadh na hacmhainní ag a hOifig chun an cleachtadh a chur i bhfeidhm ar bhealach réasúnach nó nach mbeadh.

Chuamar i gcomhairle leis an Ard-Aighne freisin i ndáil leis an gcleachtadh a d'fhéadfadh a bheith ag an Stiúrthóir ina cuid feidhmeanna sa chás seo. Bunaithe ar chomhairle a fuarthas, tá imní orainn nach leor forálacha Airteagal 14 chun an t-eolas a theastaíonn a fháil amach pé scéal é.

Éilíonn an tAirteagal go gcoinneodh soláthróir clár de théarmaí agus coinníollacha forlíontacha agus ní shonraítear ann cad ba chóir a bheith in ábhar cláir den sórt sin. Dealraíonn sé go bhféadfadh ábhar den sórt sin a bheith á rialú ag Airteagal 13 nach n-éilíonn ach go dtabharfaí léargas ginearálta ar nádúr agus ar fhairsingeacht téarmaí agus coinníollacha forlíontacha.

Ina theannta sin, tá na forálacha casta de bhrí go dtugann an tOrdú sainmhíniú ar 'soláthróir' agus 'mórdhíoltóir' mar dhá rud éagsúil ar fad. Ní éilítear ach ar sholáthróir ráiteas téarmaí agus coinníollacha a choinneáil agus ní chuirtear oibleagáid mar sin in aon chor ar mhórdhíoltóirí. Ní chaitear ach an oiread na téarmaí forlíontacha a phléitear idir mórdhíoltóir agus miondíoltóir a bheith ar fáil don Stiúrthóir faoi Airteagal 14 (3). Mar thoradh air sin, níl feidhm leis an oibleagáid eolas a sholáthar don Stiúrthóir go cothrom ar fud na trádála. Tugtar aghaidh níos mó ar an aimhrialtacht déanaí sin in Alt 12.8 thíos.

Tuigimid freisin, cé nár iarraidh go sonrach orthu é, gur tugadh deis don tionscal mar chuid den Phróiseas Comhairliúcháin seo an t-eolas sin a thabhairt amach ach tá roghnaithe acu gan é sin a dhéanamh ar aon bhealach réasúnach.

Ina theannta sin, creidimid go bhfuilimid in ann teacht ar chonclúidí i ndáil le saincheisteanna a thagann chun cinn de bharr go bhfuil sé dearbhaithe go bhfuil a leithéid de rud agus lascainí nach mbíonn ar an sonrasc ann. Ní chreidimid go n-athrófaí na conclúidí sin sa chás go mba eol dúinn cé chomh fairsing agus atá na lascainí sin.

Feicimid maitheas éigin i staidéar de chuid an Údaráis Iomaíochta ach é a dhéanamh i gcomhthéacs difriúil agus tabharfaimid aghaidh ar an mbeartas sin níos sonraithe i gCaibidil a Trí Déag den Tuarascáil seo. Faoi láthair, áfach, ní fheicimid aon chúis go mbeadh staidéar ar bith den sórt sin srianta chuig iolraigh grósaera amháin.

Tá sé ráite ag RGDTA sula mbreithneofaí aon leasú a dhéanamh ar an sainmhíniú atá le glan-phraghas ar an sonrasc, go mbeadh sé tábhachtach fianaise a fháil ar bhrabúsaíocht na n-iolrach. *"If profit levels by multiples were high, then their power to engage in predatory pricing would be an unnecessary extra resource, in circumstances where they had ample resources and reserves to reduce prices across their product ranges."*

Tá baol ann go bhféadfaí a bheith ag dul timpeall agus timpeall leis an argóint seo. Is féidir a rá, agus a rá go láidir, go gcoinnítear corrlaigh miondíola ag leibhéal an-ard agus leibhéal saorga de bhua forálacha an Ordú um Earraí Grósaera. Bheadh sé faobhrach a rá gur chúis iad na corrlaigh arda sin chun an tOrdú a choinneáil.

Táimid den tuairim nach bhfuil sé réadúil, b'fhéidir nach bhfuil sé forfheidhmitheach de réir an dlí, agus níor chóir go mbeadh sé riachtanach, don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí na cumhachtaí atá ar fáil di faoin Ordú um Earraí Grósaera a chleachtadh chun féachaint leis an leibhéal ioncaim a shaothraíonn miondíoltóirí grósaera na hÉireann ó lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a fháil amach.

Táimid den tuairim freisin nach dóigh go gcuirfeadh eolas den sórt sin aon athrú ar chonclúidí ná ar mholtaí na Tuarascála seo.

Ina theannta sin, dá dtabharfaí faoin gcleachtadh sin mar réamh-choinníoll chun todhchaí an Ordaithe a chinneadh, chuirfeadh sé moill gan gá ar chinneadh agus ní rachadh moill den sórt sin chun leasa an phobail.

## 6.10 Tuairimí an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Is oifigeach reachtúil é an Stiúrthóir um Forfheidhmiú Corparáideach arna cheapadh faoi fhorálacha an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001. Tá an Stiúrthóir freagrach go dleathach as:

- Comhlíonadh dlí na cuideachta a spreagadh, agus
- Sáruithe ar an reachtaíocht a mbíonn amhras fúthu a imscrúdú agus a fhorfheidhmiú.

Tá aighneacht curtha ag an Stiúrthóir chuig an bPróiseas Comhairliúcháin Poiblí ina dtarraingíonn sé aird ar roinnt imní atá air maidir le lascainí nach mbíonn ar an sonrasc. Tugann sé aitheantas do Alt 202 (1), (2), (3) & (4) d'Acht na gCuideachtaí 1990 mar rud atá gaolmhar leis an gceist seo.

Tá foráil in Alt 202 (1) go mbeidh ábhar ag gach cuideachta "leabhair chuntasaíochta chuí" a choinneáil -

(a) a mhíníonn i gceart idirbhearta na cuideachta,
(b) a bheidh ábalta ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta,
(c) a chuirfidh ar chumas na stiúrthóirí a chinntiú go gcloíonn aon chlár comhardaithe, cuntas brabúis agus caillteanais nó cuntas ioncaim agus caiteachais na cuideachta le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí agus
(d) a bheidh ábalta cuntais na cuideachta a ullmhú le hiniúchadh ceart a dhéanamh orthu go héasca.

Deirtear in Alt 202(2) go n-éilítear leabhair den sórt sin a choinneáil ar bhonn leanúnach agus comhsheasmhach, "that is to say the entries therein shall be made in a timely manner and be consistent from one year to the next."

Tá foráil shonrach in Alt 202(3) sa chás go mbaineann gnó na cuideachta le bheith ag déileáil le hearraí, nach mór "taifead de gach earraí a ceannaíodh, agus de gach earra a díoladh (seachas iad siúd a díoladh le hairgead tirim i bhfoirm gnáth-thrádáil miondíola), dóthain sonraí a thaispeáint faoi na hearraí agus na díoltóirí agus na ceannaitheoirí ionas go mbeidh na hearraí agus na díoltóirí agus na ceannaitheoirí aitheanta agus taifead de na sonraisc go léir a bhaineann le ceannacháin agus le díolacháin den sórt sin." (*ní aistriúchán oifigiúil é seo)*

Caitheann Alt 202(4) tuilleadh leis an gcoincheap a bhaineann le cad is leabhair chuntais chuí ann trí thabhairt le fios gur chóir go dtabharfaidís "léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachtaí agus a cuid idirbhearta a mhíniú." *(ní aistriúchán oifigiúil é seo)*

Is mar seo a leanas a dúirt an Stiúrthóir:

> *"It may be possible of course for the books of account of a company giving or receiving the benefit of 'off-invoice discounts' to be prepared in accordance with the requirements of Section 202. However, if – as I understand it – a practice has developed whereby certain invoices are drawn up on a basis which suggests that a different form of transaction is recorded to that which actually occurs in practice, it seems to me that, in some instances at least, there may be potential breaches of Section 202. In other cases, it seems conceivable that even if no criminal breach of Section 202 occurs, the company's books and records may be less than fully reflective of the true form and substance of the company's transactions. From a company law perspective, it is difficult to see how that can ever be advantageous."*

Dúirt an Stiúrthóir nach bhfuil aon fhianaise eimpíreach ag a oifig cibé go bhfuil sáruithe á ndéanamh ar Achtanna na gCuideachtaí mar thoradh ar lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc nó cén tionchar nó cé chomh mór agus atá sáruithe den sórt sin ann. Dúirt sé freisin nach ndúirt an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí ach *go bhféadfadh* Ordú 1987 cleachtais den sórt sin a spreagadh – seachas a rá *go raibh* siad á spreagadh. Dar leis an Stiúrthóir, ní thugann é sin deis dá Oifig tuairim dhaingin a ghlacadh maidir leis an gceist.

Tá an Stiúrthóir den tuairim, áfach:

> *"Nonetheless, it does seem desirable to us that if the Order is being retained, it should be amended to remove any direct or indirect inducements therein which may lead companies to cause their primary books and records (including invoices) to be kept on any form of artificial basis."*

## 6.11 Tuairimí Chumann Tráchtála na hÉireann

Tá tuairim den chineál céanna léirithe ag Cumann Tráchtála na hÉireann a chuir a dtacaíocht in iúl le fáil réidh leis an mbac ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc. Dúirt an CCOI:

> *"Another significant argument for abolition of the current order is that it allows for a system of confusing invoice and actual prices which could facilitate the type of profit overstating that led to the collapse of Royal Ahold in 2003 – a company which was at the time the third largest food retailer in the world."*

Dúirt an CCOI freisin i ndáil leis an Ordú *"…an anti competitive practice that prohibits business from passing on the majority of discounts that they receive."*

Tá siad den tuairim gur chóir ordú eile a thabhairt isteach in áit an Ordaithe a d'éileodh go léireodh sonraisc costas iarbhír na n-earraí a sholáthraítear agus a thugann cosaint do mhiondíoltóirí níos lú ó phraghsáil chreiche trí chosc a chur ar dhíolachán faoi chostas go hiomlán nó ina áit sin trí srianta a dhícheadú mar chuotaí custaiméirí ar líon na "dtairiscintí speisialta" a cheannaítear.

## 6.12 An Tionchar a D'fhéadfadh a Bheith Ag Aisghairm ó Thaobh Cosc a Chur ar Théarmaí Forlíontacha.

Creidimid gur chóir dúinn ar feadh scaithimh aird a tharraingt ar dhroch-thionchar amháin a d'fhéadfadh a bheith ag aisghairm Alt 13 d'Ordú 1987 mar bheartas ann féin chun fáil réidh leis na forálacha i ndáil le téarmaí forlíontacha, é sin nó leasú a dhéanamh ar an Ordú chun cosc a chur ar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc.

Is léir ó aighneachtaí atá faighte ón trádáil go gcuirtear ioncam ó lascainí nach mbíonn ar an sonrasc in aghaidh, a chuid nó a mhór ar aon nós, costais oibríochta an mhiondíoltóra.

In imthoscaí mar sin, dá gcuirfí cosc ar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc – mar bheartas ann féin amháin – bheadh sé inmhianta go mbeadh laghduithe dá réir sin ar phraghsanna sonraisc mar léiriú ar an ioncam a bheadh caillte ag an miondíoltóir agus chun an t-ioncam sin a mheaitseáil.

Mura mbeadh na laghduithe dá réir sin ar phraghsanna sonraisc – agus níl dlí ann a d'éileodh a leithéid de laghduithe a bheith ann – ansin is dóigh gurb é an éifeacht is mó a bheadh ag beartas den sórt sin ná méadú ar phraghas

miondíola earraí grósaera ar thomhaltóirí mar chúiteamh do mhiondíoltóirí as an ioncam a bheadh caillte acu.

## 6.13 Tuairimí Pháirtithe Eile

Tá tuairimí léirithe ag roinnt páirtithe eile i ndáil leis an mbealach a láimhsítear lascainí nach mbíonn ar an sonrasc agus táimid ag iarraidh tagairt shonrach a dhéanamh dóibh. Áirítear iad seo a leanas ina measc:

**Cumann Feirmeoirí na hÉireann:** Bhí an IFA go láidir ag iarraidh Ordú 1987 a choinneáil. Mar sin féin, tá an méid seo a leanas ráite acu, go sonrach maidir le lascainí nach mbíonn ar an sonrasc:

> *"The current practice of off-invoice discounts and supply agreements, which are not included in the assessment of costs, is detrimental to transparency, and is used by the larger retailers to improve their margins at the expense of both suppliers and consumers."*

**Comhchoiste Oireachtais ar Fhiontar & Gnólachtaí Beaga**: Is mian leis an gComhchoiste freisin an tOrdú a choinneáil ach breithníonn siad

> *"The benefits of discounts, rebates, etc granted by suppliers to their customers should be passed on to consumers."*

**IBEC:** *"Finally all payments outside supplementary terms should be prohibited"*

Ní rabhamar ró-chinnte faoin gciall a bhí leis an tagairt sin. Mar sin féin tá soiléiriú faighte againn ó IBEC go measann siad gur chóir teorainn a chur le téarmaí forlíontacha chuig bónais a bhaineann le feidhmíocht agus sin amháin.

Tá amhras ar an Roinn, go bunúsach, go mbeadh tionchar ollmhór ag beartas mar sin ar an gcleachtas téarmaí forlíontacha a thairiscint. D'fhéadfadh sé a bheith deacair freisin, mura mbeadh sé dodhéanta, é a fhorfheidhmiú.

**Tesco:** Tá sé curtha isteach ag Tesco má fhaightear réidh le lascainí nach mbíonn ar an sonrasc agus ceanglas a fhágáil ar sholáthróirí téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a ullmhú agus a fhoilsiú, gurb é an toradh a bheidh air ná go mbeidh praghsanna níos airde ar thomhaltóirí de bhrí go ndéanfaidh miondíoltóirí iarracht ioncam a bheidh caillte acu a fháil ar ais.

Dealraíonn sé go bhfuil cosúlacht ag an tuairim sin le tuairim na Roinne mar a léiríodh thuas go bhféadfadh cosc ar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc – má thugtar isteach é mar bheartas ann féin – praghsanna miondíola níos mó a chruthú mura mbeadh laghduithe ag an am céanna ar luachanna sonraisc.

**ISME:** Creideann an ISME go bhfuil tuairimí an CSG ó thaobh lascainí a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí *"extremely simplistic."* Dúirt an ISME:

> *"Quantity and loyalty discounts are, by their very nature, future time related and not attributable to specific individual purchase invoices. Under the Prudence concept of accounting, it is not correct to anticipate a discount/profit and therefore not a viable method of costing a product for sale."*

**ICTU:** Níl an ICTU cinnte faoin bhfianaise a thacaíonn leis an tuairim go gcuirfear lascainí nach mbíonn ar an sonrasc ar aghaidh chuig an tomhaltóir sa chás go bhfaightear réidh leis an gcosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc. Luann siad:

> *"There is growing complexity in the behaviour of different retailers and in the relationship with suppliers (as evidenced by the development of off-invoice i.e. discounts (sic) etc). Evidence is needed from other countries which have removed the ban as to the validity of this approach and the implications (winners and losers) among each of the stakeholders concerned."*

**Patrick M Lyons:** Bhí Patrick Lyons ina Chomhalta ar an gCoimisiún um Chleachtais Srianta i 1987, comh-údar ar Thuarascáil CCS na bliana sin a mhol cosc ar dhíolachán faoi chostas a thabhairt isteach. Dúirt an tUasal Lyons mar seo a leanas:

> *"It is clear that the recommendation on banning sales of groceries below net invoice price was dependent upon the invoice showing all allowances, etc, so that the net invoice price would represent the real net price of the goods. By extension, if the three members of the Commission considered that the invoice would not show the real cost of the goods, then they would, in logic, not have recommended a ban on sales below net invoice price, since this would represent a form of resale price maintenance. This was certainly my view at the time and it remains my view."*

Bhí an tUasal Lyons freisin ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún i 1991 nuair a rinne siad athbhreithniú ar fheidhmiú Ordú 1987. Bhí sé leis an móramh ag an am a mhol go ndéanfaí aisghairm ar an Ordú i bhfábhar Acht Iomaíochta, 1991 a bhí díreach inachtaithe. Tá tuairimí an mhóraimh agus an mhionlaigh le fáil go sonrach ina aighneacht mar a léiríodh iad i dTuarascáil 1991 maidir le lascainí nach mbíonn ar an sonrasc. Tá go leor ráite againn faoi Thuarascáil 1991 áit éigin eile agus ní mheasaimid go bhfuil gá athrá a dhéanamh ar aighneacht an Uasail Lyons go sonrach. Mar sin féin, is mar seo a leanas a bhí an chonclúid ina aighneacht:

> *"I continue to agree with the evaluation given in the 1991 Report by Mr Massey and myself (the majority view), and consider, in particular, that the ban on selling grocery goods below net invoice price, or below real*

*cost, should be terminated, along with the rest of the Groceries Order…..Abolition of the Groceries Order, and especially the ban on below cost selling, is long overdue in the interests of competition and consumers."*

## 6.14 Conclúidí

Níl dóthain eolais tugtha dúinn, ag miondíoltóirí ná ag soláthróirí, mar chuid den athbhreithniú seo chun cinneadh a dhéanamh faoi chomh mór i ndáiríre a íoctar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc le miondíoltóirí grósaera.

Táimid sásta, áfach, gur gné mhór agus shuntasach den trádáil é an t-ioncam a shaothraíonn miondíoltóirí as lascainí nach mbíonn ar an sonrasc, ioncam nach féidir a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí i bhfoirm laghduithe, ar phraghas faoin bpraghas ar an sonrasc, ó thaobh earraí a chlúdaíonn an tOrdú.

Is beag gaol má tá gaol ar bith ag an bpraghas ar an sonrasc leis an bpraghas ceannacháin iarbhír a bhíonn ar an táirge a bhíonn i gceist.

Mar gheall air sin bíonn teorainn le hiomaíocht praghsanna ón margadh agus tá sé sin ann féin, ag stiúradh comhchruinniú ar an margadh. Is beag seans atá ann go mbainfidh tomhaltóirí buntáiste as sin.

Ní féidir an srian tromchúiseach sin ar iomaíocht agus ar an mbac a bhíonn ar shaoirse trádála a thuiscint i gceart ach amháin má bhaineann gach páirtí buntáiste amach go soiléir mar thoradh ar a fheidhmiú.

Ní féidir le miondíoltóirí ioncam ó lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a chur ar aghaidh ach amháin, más in aon chor, ar bhealach, a dhéanann díchumadh ar iomaíocht sa trádáil agus a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

Ní chuireann Ordú 1987, dar linn, agus ní féidir leis, cosc a chur ar mhiondíoltóirí cumhacht cheannacháin a chleachtadh chun brú a chur ar sholáthróirí corrlaigh níos ísle a ghlacadh, mar atá ráite ag go leor de lucht tacaithe an Ordaithe. Tionchar amháin de chuid an Ordaithe, áfach, ná gur dóigh go mbeidh corrlaigh i bhfad níos brúite mar thoradh ar chainteanna a dhéanann miondíoltóirí ar lascainí níos airde agus is beag seans a bhíonn ag tomhaltóirí buntáiste a bhaint astu sin.

Is é an éifeacht atá ag an Ordú ná go mbeidh cineál cothabháil praghsanna miondíola i bhfeidhm i dtrádáil earraí grósaera in Éirinn, in ainneoin go ndearbhaítear a leithéid de chleachtas mídhleathach agus go féidir leis smachtbhannaí coiriúla a tharraingt faoi fhorálacha Acht Iomaíochta, 2002.

Níl sé réadúil, b'fhéidir nach bhfuil sé forfheidhmitheach de réir an dlí, agus níor chóir go mbeadh sé riachtanach, don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí na cumhachtaí atá ar fáil di faoin Ordú um Earraí Grósaera a chleachtadh chun

féachaint leis an leibhéal ioncaim a shaothraíonn miondíoltóirí grósaera na hÉireann ó lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a fháil amach.

Dá bhféadfaí é a dhéanamh, is dóigh go dteastódh raon mór acmhainní agus mar thoradh air a fheidhmiú chuirfí ualach rialála an-mhór ar an trádáil, agus níl aon amhras faoi ach gurb é an tomhaltóir a bheadh siar leis na costais sin.

Táimid den chonclúid freisin nach dóigh go n-athróidh eolas den sórt sin conclúidí agus moltaí na Tuarascála seo.

Ina theannta sin, dá dtabharfaí faoin gcleachtadh sin mar réamh-choinníoll chun todhchaí an Ordaithe a chinneadh, chuirfeadh sé moill gan gá ar chinneadh agus ní rachadh moill den sórt sin chun leasa an phobail.

Tá sé ráite ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach *"…it does seem desirable to us that if the Order is being retained, it should be amended to remove any direct or indirect inducements therein which may lead companies to cause their primary books and records (including invoices) to be kept on any form of artificial basis."*

Creidimid gur beag amhrais atá ann ach go spreagann an tOrdú an cleachtas lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc agus déirimid gur cóir béim áirithe a chur ar thuairimí an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa chás sin.